# 1: Do Churaclam agus do Ráiteas Curaclaim a fhorbairt

## Gníomh C: Athbhreithniú a dhéanamh ar do churaclam i bhfianaise na Treorach Cleachtais

Tá an gníomh seo ceaptha lena úsáid **tar éis** duit obair a dhéanamh ar **Bhunchlocha an Churaclaim** agus ar **Cholúin an Churaclaim** sa Treoir Chleachtais. Tá sé dírithe ar na hathruithe atá déanta agat nó atá á ndéanamh agat ar do churaclam agus ar cén chaoi ar mian leat na hathruithe sin a léiriú i do Ráiteas Curaclaim.

**1. Céard iad na *príomhathruithe* atá déanta agat/atá á ndéanamh agat ar do churaclam ó thosaigh tú ag úsáid na Treorach Cleachtais?**



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

2. **Caith súil siar ar an *Ráiteas Curaclaim* a scríobh tú i nGníomh A, *Do churaclam reatha ar dtús.* An ndéanann an ráiteas seo cur síos ar an gcuraclam a sholáthraíonn tú anois— *cén chaoi* a bhfoghlaimíonn leanaí i do sheomra nó i do shuíomh, *cén fáth* a bhfuil tábhacht ag baint leis seo agus *céard* a thugann tú tacaíocht dóibh a fhoghlaim (nasc le spriocanna foghlama*Aistear*)? Cé na hathruithe, más ann dóibh, ba mhaith leat a dhéanamh ar an ráiteas?**

**Déan athbhreithniú ar an ráiteas leis an teimpléad seo tar éis tamaill, b'fhéidir i gceann 6 mhí nó bliana, agus déan machnamh ar aon athruithe eile ba mhaith leat a dhéanamh air.**

## Smaoinigh ar

**Bunúis an Churaclaim**

- Prionsabail amhail Cearta an Linbh agus Íomhá Linbh an Chleachtóra
- Téamaí *Aistear*
- Cleachtas Gairmiúil, lena n-áirítear Ról an Chleachtóra

Na **6 Cholún Idirnasctha** den Churaclam

1. Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí
2. An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid
3. Foghlaim trí Shúgradh
4. Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus Cur Leo
5. Pleanáil agus Measúnú le Téamaí *Aistear*
6. Tacú le Trasdulta